



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0435(COD)

16338/23
ADD 5

CONSOM 460
MI 1082
COMPET 1224
TOUR 44
TRANS 570
IA 344
CODEC 2379

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2023) 907 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 907 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 907 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2023
SWD(2023) 907 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos
éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir a shimpliú agus a shoiléiriú**

{COM(2023) 905 final} - {SEC(2023) 540 final} - {SWD(2023) 905 final} -
{SWD(2023) 906 final} - {SWD(2023) 908 final}

Réamhrá

Tá athruithe móra tar éis teacht ar mhargadh an taistil de bharr úsáid mhéadaitheach na n-uirlisí digiteacha. Teagmhais mhóra eile, le blianta beaga anuas ab ea féimheacht Thomas Cook in 2019 agus paindéim COVID- 19. Mar fhreagairt ar na forbairtí sin agus ar thuairiscí faoi dhúshlán áirithe le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe 2015 (Treoir (AE) 2015/2302, ar a dtabharfar ‘TTL’ anseo feasta), chinn an Coimisiún an Treoir a athbhreithniú. Cuireann an tuarascáil seo ar an measúnú tionchair le torthaí meastóireachta, staidéar gaolmhar a ullmhaíodh don Choimisiún Eorpach, agus le dhá thuarascáil maidir le cur i bhfeidhm TTL ó 2019 agus 2021.

Sainiú na faidhbe agus an gá le gníomhaíocht an Aontais

Aimsíodh trí phríomhfhadhb sa mheastóireacht a chuireann bac ar éifeachtacht TTL.

1. Bhain fadhb amháin le haisíoc íocaíochtaí ar phacáistí taistil cealaithe, go háirithe le linn géarchéim mhór.

Is ann do cheithre spreagthach taobh thiar den fhadhb sin. Is é cleachtas na réamhíocaíochtaí an chéad spreagthach. Is í easpa leachtachta na n- eagraithe an dara spreagthach nuair is gá roinnt mhaith aisíocaíochtaí a dhéanamh ag an tráth céanna. Cuirtear an méid sin in olcas de bharr an chaoi nach n- áirítear leis an TTD rialacha gnólacht le gnólacht maidir le haisíocaíochtaí i gcás cealúcháin. Ar deireadh, tá éiginnteacht dhlíthiúil ann maidir le dearbháin a úsáid.

2. Ní fhaigheann réamhíocaíochtaí dóthain cosanta in aghaidh dhócmhainneacht an eagraí.

Sa chás sin, sainaithnítear trí spreagthach a mbaineann deacrachtaí leo sa mheastóireacht. Ar dtús, tá éiginnteacht dhlíthiúil ann a mhéid a bhaineann le cé acu atá nó nach bhfuil cosaint ag cearta aisíocaíochta ar dhócmhainneacht an eagraí. Ar an dara dul síos, tá difríochtaí suntasacha fós ann idir na córais náisiúnta cosanta dócmhainneachta. Ar deireadh, i roinnt Ballstát ar a laghad, is deacair d’eagraithe pacáistí cosaint a fháil ar dhócmhainneacht, go háirithe le linn géarchéimeanna.

3. Deacrachtaí le TTD a chur chun feidhme.

Sainaithníodh roinnt spreagthaí fadhbanna. Níl soiléireacht leordhóthanach ann i bhforálacha áirithe an TTL, tá easnaimh iontu nó tá siad róchasta. Tagann leibhéil mhíchothroma cosanta tomhaltóirí agus saofaí iomaíochta ar fud an Aontais dá thoradh sin óir cuirtear an Treoir i bhfeidhm ar bhealaí difriúla.

I bhfianaise chineál trasteorann an taistil láneagraithe, ní féidir dul i ngleic ar bhealach comhsheasmhach leis na fadhbanna a sainaithníodh ó glacadh an Treoir trí bheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Réitigh

Rinneadh scrúdú sa mheasúnú tionchair seo ar bhearta chun cuidiú le dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh trí leasú an TTL. Déantar na bearta a aicmiú ina dtrí rogha beartais, leis an gcéad cheann ag díriú ar réitigh sholúbtha agus ar íoschostais (Rogha A), an dara ceann ag díriú ar bhearta níos doichte (Rogha B), agus an tríú ceann ag díriú ar éifeachtacht uasta le linn géarchéime cé go mbíonn costais níos airde intuigthe léi (Rogha C).

Le Rogha A, baineann leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar an TTL. Áirítear inti teorainn a chur le réamhíocaíochtaí chuig 25 % (mura bhfuil údar le réamhíocaíochtaí níos airde), rialacha maidir le dearbháin dheonacha agus ceart aisíocaíochta gnólacht le gnólacht dá ndéanfaí seirbhísí a chur ar ceal. Neartaítear an chosaint ar dhócmhainneacht léi trí shoiléiriú a dhéanamh go gcumhdaítear dearbháin agus éilimh aisíocaíochta léi, agus trí na paraiméadair a shonrú le cosaint éifeachtach ar dhócmhainneacht a fháil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an rogha do na Ballstáit ciste cúltaca cosanta dócmhainneachta a cheangal. Léirítear léi freisin an fhéidearthacht chun ciste géarchéime a chruthú lena ráthaítear mear-aisíocaíochtaí do thaistealaithe le linn géarchéim mhór, faoi rialacha maidir leis an Státchabhair. Soiléirítear leis an rogha seo an sainiú ar ‘pacáiste taistil láneagraithe’ agus baintear léi ceann de na cineálacha ‘socruithe nasctha taistil’. Tá soiléiriú inti nach mór na himthosca sa tír chónaithe, sa tír imeachta agus sa tír cinn scríbe a chur san áireamh leis an gceart chun pacáiste a chur ar ceal de bharr imthosca dosheachanta agus urghnácha, agus go bhfuil rabhaidh thaistil ina ngné thábhachtach le machnamh a dhéanamh uirthi sa chomhthéacs sin. Soiléirítear léi freisin na ról a bhíonn ag trádálaithe difriúla i ndáil le taisteal láneagraithe, agus aisíocaíochtaí san áireamh.

Tá Rogha B comhdhéanta de bhearta níos doichte lena méadaítear na costais le haghaidh catagóirí difriúla páirtithe leasmhara (idir ghnólachtaí agus taistealaithe). Mar shampla, déantar foráil léi maidir le teorainn dhocht éarlaisí chuig 20 % i gcás bainisteoirí taistil láneagraithe (gan an deis a bheith ann iad a mhéadú) agus i gcás dearbháin éigeantacha le linn géarchéim mhór.

I Rogha C áirítear bearta lena n-áirithítear an leibhéal cosanta is airde do thomhaltóirí, ar chostas ard. Áirítear leis sin réamhíocaíochtaí a theorannú chuig 20 % (gan an deis a bheith iad a mhéadú) le haghaidh eagraithe agus soláthraithe seirbhíse araon, ciste éigeantach géarchéimeanna a chruthú agus luach sonrach dlíthiúil a thabhairt do rabhaidh thaistil.

Déantar anailís sa mheasúnú tionchair ar na roghanna i ndáil le trí chuspóir shonracha:

Cuspóir 1: Cosaint níos fearr ar réamhíocaíochtaí taistealaithe agus ar a gceart chun aisíocaíocht thapa a fháil i gcás cealúchán, lena n-áirítear le linn géarchéim mhór, agus leachtacht na n-eagraithe taistil láneagraithe á coinneáil ar bun;

Cuspóir 2: Cosaint níos mó a thabhairt do thaistealaithe ar dhócmhainneacht eagraithe, lena n-áirítear i gcás géarchéim mhór, agus cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach á háirithiú; agus

Cuspóir 3: Éiginnteacht dhlíthiúil agus in fhorfheidhmitheacht a mhéadú trí roinnt d’fhorálacha na Treorach a shoiléiriú agus/nó a shimpliú, a léirmhíneacht nó a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach difriúil nó ar deacair iad a chur i bhfeidhm sa chleachtas.

Is í Rogha C an rogha is éifeachtaí chun cuspóirí sonracha a bhaint amach (go háirithe cuspóirí 1 agus 2), agus Roghanna A agus B ina diaidh. Tarlaíonn sé sin den chuid is mó de bharr na bearta i Rogha C a bheith éigeantach agus go dtugtar leibhéal cosanta tomhaltóirí fíorard leo.

Le measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na roghanna, déantar comparáid sa mheasúnú tionchair idir na costais agus tairbhí ar a bhfuil luach airgid curtha agus ar a bhfuil measúnú déanta le haghaidh gach grúpa is páirtí leasmhar (taistealaithe, údaráis phoiblí agus gnólachtaí). Is í Rogha A an rogha is éifeachtúla chun na cuspóirí a bhaint amach, agus Rogha B ina diaidh. De bharr na costais arda a bhaineann léi, is lú éifeachtúlacht Rogha C ná an cás bunlíne.

Is príomhghné freisin é an comhleanúnachas le píosáí eile de reachtaíocht an Aontais, óir is é is aidhm don athbhreithniú soiléireacht agus simpliú dlíthiúil a bhaint amach. Le Rogha A baintear amach an méid comhleanúnachais is airde, agus Rogha B ina diaidh sin agus Rogha C ansin (ar lú a comhleanúnachas ná an cás bunlíne).

Léirítear san anailís íogaireachta, ar an bhforiomlán, gurb í Rogha A is fearr ó thaobh feidhmíochta de. Cé nach í an rogha is éifeachtaí í, tairbhíonn taistealaithe agus gnólachtaí araon di ar na costais is ísle agus áirithítear léi an méid comhleanúnachais airde le píosáí eile de reachtaíocht an Aontais.

Is é toradh an mheasúnaithe sin gurb í Rogha A an rogha beartais ab fhearr.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le roinnt catagóirí páirtithe leasmhara (lena n- áirítear taistealaithe, eagraithe taistil láneagraithe agus soláthraithe seirbhíse) ar roinnt mhaith uaireanta, agus d'aontaigh siad den chuid is mó leis na bearta a áiríodh sa rogha beartais ab fhearr. Is é an príomhlimistéar ina bhfuil difríocht idir a dtuairimí an gá chun teorainn a chur le réamhíocaíochtaí, rud nach bhfuil roinnt mhaith eagraithe ina fhabhar. Tá easaontas tuairimí ann freisin maidir le cosaint ar dhócmhainneacht le haghaidh dearbhán agus éilimh ar aisíocaíocht, rud a bhfuil an chuid is mó d'eagraithe tomhaltóirí agus d'údaráis phoiblí ina fhabhar, ach nach bhfuil ach mionlach gnólachtaí ina fhabhar.

Thiocfadh roinnt costas anuas do pháirtithe leasmhara dá ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir, ach tá coinne leis freisin go dtiocfaidh laghdú ar a n- ualach leis a bhuí le soiléireacht agus simpliú dlíthiúil níos mó. Tá roinnt de na bearta a áiríodh sa rogha beartais ab fhearr á gcur chun feidhme ag Ballstáit áirithe cheana féin, gan ach costais mheasartha chomhbhainteacha a bheith i gceist leo. Dá bhrí sin, sna Ballstáit úd, ní bheadh aon chostas breise os comhair gnólachtaí. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an leibhéal comhlíontachta ón méid soiléireachta dlíthiúla níos airde agus ón gcreat rialála simplithe, lena n- éireoidh an forfheidhmiú níos éifeachtúla. Féadfar líon na n- aighneas os comhair na gcúirteanna a laghdú ach na soiléirithe sin a chur ar fáil.

Le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na rogha beartais ab fhearr chun cuspóirí an athbhreithnithe a bhaint amach tar éis a fhorfheidhmithe, sainaitnítear roinnt táscairí dul chun cinn sa mheasúnú tionchair. Ní athraítear léi na hoibleagáidí tuairiscithe d'údaráis

phoiblí agus do ghnólachtaí áfach, a socraíodh faoin TTL atá i bhfeidhm faoi láthair. Féadfaidh na táscairí sin feidhmiú mar an bonn do léiriú thuarascáil ón gCoimisiún 5 bliana tar éis ghlacadh na teorach leasaithí. Baileofar an fhaisnéis a bheith de dhíth trí shuirbhéanna ar ghrúpaí páirtithe leasmhara (lena n-áirítear taistealaithe, eagraíochtaí tomhaltóirí, gnólachtaí taistil agus údarais náisiúnta). Beidh suirbhéanna den sórt sin úsáideach freisin chun rannchur leis na meastóireachtaí ina ndiaidh sin.